# 21 Dliteanas maidir le Measúnú agus bailiú an tobhaigh ar mhálaí plaisteacha

**21.1** Tugadh isteach tobhach ar mhálaí plaisteacha i mí an Mhárta 2002.[1,2] Is é príomhaidhm an tobhaigh úsáid málaí plaisteacha áirithe, a sholáthraítear i suíomhanna miondíola, a laghdú trí dhul i bhfeidhm ar iompraíocht tomhaltóirí. Bhí tionchar dearfach ag an tobhach, agus meastar anois nach ionann málaí plaisteacha siopadóireachta agus ach 0.6% den bhruscar náisiúnta.[3]

**21.2** Socraíodh an tobhach ar dtús ag 15 cent in aghaidh an mála, ag ardú go 22 cent in aghaidh an mála in 2007. Níor tháinig aon athrú air ó shin i leith. Léirítear an laghdú comhleanúnach in úsáid málaí plaisteacha inghearrtha i dtreocht na bhfáltas bliantúil tobhaigh: shroich siad buaicphointe €27 milliún amach in 2008 agus thit siad go €1.4 milliún faoi 2023.

**21.3** Sonraítear sna rialacháin tobhaigh ar mhálaí plaisteacha na Coimisinéirí Ioncaim mar an t-údarás bailithe, thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn).[4] Leagtar amach i gcomhaontú seirbhíse atá i bhfeidhm idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach maidir le cur chun feidhme agus bailiú an tobhaigh.

- Is í an Roinn a bhíonn freagrach as an reachtaíocht phríomha agus thánaisteach ábhartha, agus as fógraíocht agus cothú feasachta ar an tobhach.
- Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhíonn freagrach *inter alia* as
  - an tobhach a bhailiú ó mhiondíoltóirí
  - seiceálacha fíoraithe a dhéanamh maidir le cruinneas na dtuairisceán ó mhiondíoltóirí
  - meastacháin nó measúnuithe dliteanais a ardú i gcás nach bhfaightear tuairisceáin nó nuair a dhéantar dliteanas a ghanniontráil
  - déileáil le hachomhairc i gcoinne meastachán a ardaíodh agus gearáin ó dhaoine cuntasacha a bhaineann go díreach le ról bailiúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim.

**21.4** Éilítear leis na rialacháin ar mhiondíoltóirí a sholáthraíonn málaí plaisteacha áirithe do chustaiméirí tobhach a ghearradh ag an díolphointe agus ansin na méideanna a bhailítear a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Mar an t-údarás bailithe don tobhach, cuireann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais an tobhaigh i dtaisce ansin i gCiste an Gheilleagair Chiorclaigh (agus isteach sa Chiste Comhshaoil anuas go dtí 30 Meitheamh 2023).[5] Tá méideanna sa Chiste imfhálaithe chun tionscnaimh a mhaoiniú le cosc a chur ar dhramhaíl nó lena laghdú agus le hathúsáid agus athchúrsáil earraí a chur chun cinn.

**21.5** Le linn an iniúchta ar chuntais scoir an Chiste Comhshaoil, tugadh faoi deara gur socraíodh achomharc a bhí ar siúl le fada ag miondíoltóir i gcoinne measúnú ar dhliteanas tobhaigh ar mhálaí plaisteacha dar luach €36.6 milliún. B'ionann méid an tsocraithe ar ar thángthas agus €5 mhilliún.

**21.6** Rinneadh athbhreithniú ar an gcás leis na himthosca a shuíomh ba chúis le toradh a bhí i bhfad níos lú ná an bundliteanas a ndearnadh a mheasúnú.

1 Tagraítear don tobhach ar mhálaí plaisteacha mar an tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha nó an tobhach ar mhálaí plaisteacha freisin. Níl an tobhach faoi réir CBL.

2 Ba é An tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996, arna leasú ag An Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001 an bonn reachtúil le tabhairt isteach an tobhaigh. Aisghaireadh na cumhachtaí faoin reachtaíocht sin ina dhiaidh sin, agus cuireadh Alt 11 den Acht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha 2022 ina n-ionad mar bhonn dlí le tobhaigh chomhshaoil.

3 Córas Náisiúnta Monatóireachta ar Thruailliú Bruscair — torthaí córais 2023, Iúil 2024.

4 Roimh mhí Iúil 2023, ba iad na rialacháin ab infheidhme na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) 2001 arna leasú leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Leasú) (Uimh. 2) 2007. Ó 1 Iúil 2023 go 31 Nollaig 2023, bhí na Rialacháin um Gheilleagar Ciorclach (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) 2023 i bhfeidhm. Cúlghaireadh na rialacháin sin agus cuireadh na Rialacháin um Gheilleagar Ciorclach (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Uimh. 2) 2023 ina n-ionad ó 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

5 Tháinig Ciste an Gheilleagair Chiorclaigh in ionad an Chiste Comhshaoil ar tháinig deireadh leis an 30 Meitheamh 2023. Tá an Ciste á bhainistiú agus á rialú ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## Dliteanas dlite a shainaithint

**21.7** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim seiceálacha riosca-bhunaithe lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacháin tobhaigh ar mhálaí plaisteacha. Fuarthas amach in iniúchadh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ar mhiondíoltóir ar leith a tháinig chun críche in 2009 go raibh dliteanas neamhíoctha dlite maidir le málaí plaisteacha áirithe a sháraigh na toisí incheadaithe a shonraítear sna rialacháin a bhí i bhfeidhm ag an am sin. I mí na Samhna 2009, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim fógraí measúnaithe don mhiondíoltóir le haghaidh méid comhiomlán gan íoc dar luach €36.6 milliún a chlúdaigh tréimhse cheithre bliana idir míonna Iúil 2004 agus an Mheithimh 2008. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim a ríomhanna ar fáil don mhiondíoltóir freisin chun tacú leis na measúnuithe.

**21.8** Rinne an miondíoltóir achomharc in aghaidh na measúnuithe tobhaigh chuig na Coimisinéirí Achomhairc (an Coimisiún um Achomhairc Chánach anois).[1] Mar sin féin, cuireadh an próiseas achomhairc siar níos déanaí ar feitheamh an toraidh ar athbhreithniú breithiúnach ar leithligh a bhí á lorg ag an miondíoltóir.


## Athbhreithniú Breithiúnach

**21.9** D'iarr an miondíoltóir athbhreithniú breithiúnach ar an reachtaíocht phríomha (go sonrach, alt 72(5)(b) den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 mar a cuireadh isteach le halt 9 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001)) agus ar an reachtaíocht thánaisteach (Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola) (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteacha) 2001).

**21.10** Agus a chinneadh á thabhairt aige ag seasamh leis an reachtaíocht in 2011, thug an breitheamh Ard-Chúirte faoi deara gur shíl sé ar dtús go raibh foclaíocht i bpríomhchuid den reachtaíocht phríomha — ina ndéantar foráil maidir le tobhach comhshaoil a fhorchur — débhríoch ach tar éis dó í a léamh go cúramach go raibh sé den tuairim nach raibh ann ach go raibh 'an fhoclaíocht tútach ann' agus gur soiléir - arna léamh go cúramach, í an chuid sin.

1 Sular bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach i mí an Mhárta 2016, ba iad na Coimisinéirí Achomhairc a rinne próiseáil ar achomhairc i gcoinne cinntí agus breitheanna a rinne na Coimisinéirí Ioncaim.

**Fíor 21.1 Amlíne imeachtaí cúirte**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**21.11** Rinne an miondíoltóir achomharc in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte. Agus achomharc an mhiondíoltóra á díbhe aici i mí an Mheithimh 2019, chuir an Chúirt Uachtarach tuairimí in iúl freisin maidir leis an easpa soiléireachta sa reachtaíocht, á rá gur dréachtaíodh í ar bhealach ró-chasta agus go raibh na forálacha a bhí i gceist leis an achomharc in ann sainmhíniú i bhfad níos soiléire a chur ar fáil.

## Cinneadh ón gCoimisiún um Achomhairc Chánach

**21.12** Cuireadh bac ar éisteacht achomharc an mhiondíoltóra chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach i gcoinne mheasúnuithe mhí na Samhna 2009 ar feadh roinnt blianta, ar feitheamh an toraidh ar imeachtaí an athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

**21.13** I mí Feabhra 2021, d'ordaigh an Coimisiún um Achomhairc Chánach do na Coimisinéirí Ioncaim a leagan amach ar argóintí a ullmhú sula n-éistfí an t-achomharc. Mar chuid den phróiseas sin, rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú mionsonraithe ar a ríomhanna a thacaíonn leis na measúnuithe a eisíodh chuig an miondíoltóir i mí na Samhna 2009. Ag an gcéim sin, bhí sé de bhuntáiste ag na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar ríomhanna an mhiondíoltóra féin (a fuair siad i mí Feabhra 2021) maidir leis na méideanna a bhí faoi dhíospóid. Sainaithníodh an méid seo a leanas in athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim:

- Áiríodh i measúnú 2009 dliteanais mheasta don tréimhse 1 Iúil 2004 go 30 Meitheamh 2007 i gcás málaí plaisteacha de chineál áirithe ar ar íoc an miondíoltóir tobhaigh cheana féin. Ina theannta sin, bhí difríochtaí sa leibhéal asbhainte a cuireadh i bhfeidhm i gcás cúrsaí ar nós aistriú málaí ag an miondíoltóir ó shiopaí in Éirinn go dtí siopaí i dTuaisceart Éireann. Laghdaigh na coigeartuithe gaolmhara an measúnú thart ar €12.9 milliún.

- Áiríodh freisin meastacháin don tréimhse 1 Iúil 2004 go 30 Meitheamh 2007 le haghaidh málaí díolmhaithe áirithe, arbh fhiú thart ar €4.1 milliún[1] san iomlán iad. Áiríodh na suimeanna ar dtús ar bhonn léirmhíniú na Roinne ar an bhfocal ‘doimhneacht’ mar a bhain sé le tomhas na málaí plaisteacha díolmhaithe. Ós rud é go raibh athrú tagtha ar thuairim na Roinne ar an ábhar sin faoi 2021, chinn na Coimisinéirí Ioncaim gan an eilimint sin de na measúnuithe a chosaint.
- Bhain na saincheisteanna thuas leis an tréimhse 1 Iúil 2007 go 30 Meitheamh 2008 freisin, agus laghdaíodh an measúnú ar an méid a bhí dlite tuilleadh €11.1 milliún chuige sin.

**21.14** Ba é an toradh a bhí ar athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ná gur leasaíodh na measúnuithe bunaidh dar luach €36.6 milliún anuas de bhreis is €28 milliún — laghdú níos mó ná trí cheathrú. I mí na Samhna 2021, scríobh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an miondíoltóir á rá gurbh ionann méid an tobhaigh a bhí i gceist do na tréimhsí laistigh de raon feidhme na measúnuithe agus €8.5 milliún.

**21.15** Reáchtáladh réamh-chomhdháil um chásbhainistiú i mí an Mheithimh 2022 agus éisteadh an t-achomharc i mí na Bealtaine 2023.[2] Tugadh cinneadh an Choimisiúin um Achomhairc Chánach an 6 Meán Fómhair 2023 agus deimhníodh an dliteanas a bhí dlite agus iníoctha ag an miondíoltóir ag €8.5 milliún.

**21.16** Ní raibh aon ús ná pionóis i bhfeidhm sa chás seo.

- A mhéid a bhaineann le hús, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur thug a n-abhcóide dlí le fios, ag féachaint don reachtaíocht agus na rialacháin is infheidhme, nach bhfuil an tobhach arna chinneadh ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach faoi réir úis.
- A mhéid a bhaineann le pionóis, dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach bhforáiltear maidir le pionóis dírithe ar cháin sa reachtaíocht ná sna rialacháin atá mar thaca faoin tobhach ar mhálaí plaisteacha. Dúirt siad freisin, fiú dá ndéanfaí foráil maidir le pionóis atá dírithe ar cháin, i bhfianaise imthosca an cháis, go measfaí coigeartú teicniúil gan phionós a bheith infheidhme sa chás seo, de réir an Chóid Cleachtais d’Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim.[3]

## Tairiscint socraíochta

**21.17** Tar éis an chinnidh, rinne an miondíoltóir iarratas achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt i gcoinne chinneadh an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

**21.18** An 7 Nollaig 2023, cuireadh in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim go raibh tairiscint socraíochta dar luach €5 mhilliún, nó díreach faoi bhun 60% den dliteanas measúnaithe, déanta ag an miondíoltóir.

**21.19** Rinne abhcóide dlí leis na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar an tairiscint socraíochta, agus mhol go nglacfaí leis an tairiscint i bhfianaise na rioscaí dlíthíochta a bhain leis, agus go háirithe an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag chúlghairm rialacháin 2001 ar an gcás le héifeacht ón 1 Iúil 2023.

**21.20** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim an tairiscint socraíochta in iúl don Roinn an 20 Nollaig 2023. Cé gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-údarás bailiúcháin don tobhach agus go bhfuil siad freagrach as cás a shocrú, déanann siad amhlaidh mar ghníomhaire de chuid na Roinne agus, in imthosca sonracha an cháis seo, bheadh aird acu ar rogha na Roinne maidir le cibé acu a ghlacfaí nó a dhiúltófaí do thairiscint socraíochta.

1 Roimh 2024, bhí díolúintí ón tobhach i bhfeidhm maidir le málaí siopadóireachta in-athúsáidte agus málaí plaisteacha a thagann faoi thoisí sonraithe agus a úsáidtear chun táirgí áirithe a choinneáil. Ón 1 Eanáir 2024 i leith, i gcomhréir leis na Rialacháin um an nGeilleagar Ciorclach (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Uimh. 2) 2023, tá na critéir dhíolúine bunaithe ar mheáchan agus tiús bhalla na málaí, seachas na toisí.

2 Is cruinniú é comhdháil um chásbhainistiú chun cabhrú le cás a chur chun cinn. Déantar foráil maidir leis i gCuid 4 den Acht Airgeadais (Achomharc Cánach), 2015.

3 Cód Cleachtais d’Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim.

**21.21** Dúirt an Roinn go ndeachaigh sí i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim roimh na hathruithe reachtaíochta a dhéanamh in 2023 maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe ar an gcás achomhairc. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don Roinn, toisc go mbeadh éifeacht ionchasach ag na rialacháin nua a tugadh isteach le héifeacht ón 1 Iúil 2023, nach mbeadh aon tionchar ar an gcás achomhairc.

**21.22** Agus an tairiscint socraíochta á breithniú agus an fhéidearthacht maidir le himeachtaí dlí breise, chuaigh an Roinn i gcomhairle lena comhairleoir dlí féin. Rinne comhairleoir dlí na Roinne athbhreithniú ar an gcomhairle a thug abhcóide leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus d'aontaigh sé leis an moladh glacadh leis an tairiscint socraíochta.

**21.23** An 22 Nollaig 2023, chuir an Roinn in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim go raibh siad toilteanach glacadh leis an tairiscint socraíochta dar luach €5 mhilliún agus d'iarr ar na Coimisinéirí Ioncaim dul ar aghaidh leis an tsocraíocht ar an mbonn sin. Mar a nochtadh i gcuntas deiridh an Chiste Comhshaoil, d'íoc an miondíoltóir méid na socraíochta leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Eanáir 2024 agus aistríodh chuig Ciste an Gheilleagair Chiorclaigh é an mhí dár gcionn.[1]

**21.24** Is í an Roinn a íocann go hiomlán na costais dlí a thabhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn san ábhar sin.

- Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim gur thabhaigh siad beagnach €105,000 i gcostais sheachtracha dlí a bhain leis an gcás seo agus díreach os cionn €7,000 i gcostais a bhain le comhairle inmheánach dlí. D'iarr na Coimisinéirí Ioncaim le déanaí ar aisíocaíocht dar luach €105,000 ón Roinn — níl sé i gceist acu íocaíocht a lorg i leith a gcostas inmheánach dlí.
- Tá sé ráite ag an Roinn nár thabhaigh sí aon chostas sheachtracha dlí, agus nach féidir léi costas a comhairle inmheánaí dlí a chainníochtú toisc nach gcoinnítear bileoga ama.

## Conclúidí

**21.25** Tar éis iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim ar mhiondíoltóir, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim fógraí measúnaithe don mhiondíoltóir in 2009 maidir le méid comhiomlán gan íoc dar luach €36.6 milliún i leith tobhaigh ar mhálaí plaisteacha a bhí dlite don tréimhse 1 Iúil 2004 go 30 Meitheamh 2008.

**21.26** Rinne an miondíoltóir achomharc in aghaidh mheasúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhliteanas, ach níor lean an t-achomharc ar aghaidh go dtí gur tháinig deireadh le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh in 2019.

**21.27** Mar ullmhúchán don éisteacht ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, le linn 2021, rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar na ríomhanna a thacaíonn lena bhfógraí measúnaithe ó mhí na Samhna 2009 agus d'aithin siad roinnt fadhbanna. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, laghdaigh na Coimisinéirí Ioncaim an dliteanas measta go €8.5 milliún.

**21.28** Deimhníodh i gcinneadh an Choimisiúin um Achomhairc Chánach i Meán Fómhair 2023 gurbh fhiú an méid a bhí dlite ón miondíoltóir agus €8.5 milliún.

1 Féach Ciste Comhshaoil — Cuntas Scoir, ráitis airgeadais don tréimhse 1 Eanáir 2022 go 30 Meitheamh 2023. Deimhníodh an cuntas an 26 Márta 2024.

**21.29** Tar éis a dheimhniú go raibh an Roinn ar aon intinn leo, ghlac na Coimisinéirí Ioncaim le tairiscint socraíochta dar luach €5 mhilliún ón miondíoltóir, mar gheall ar imní maidir le tionchar féideartha d'aisghairm alt 72 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 agus de chúlghairm, i mí Iúil 2023, na rialachán 2001 atá mar thaca leis an measúnú tobhaigh. Bhí glacadh leis an tairiscint socraíochta bunaithe ar anailís agus comhairle dhlíthiúil.